Ag Rialáil Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health + Social Care Professionals

Dréacht

# Ráiteas Straitéise na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2027–2030

# Ár bhFís, ár Misean agus ár Luachanna

## Fís

Maidir le próisis agus caighdeáin rialála na heagraíochta, tá muinín ag an bpobal agus ag gairmithe cúraim sláinte agus shóisialaigh as CORU ina leith agus tugann an dá dhream aitheantas do CORU dá bharr.

## Misean

An pobal a chosaint trí ardchaighdeáin oideachais gairmiúil, iompraíochta, oiliúna agus inniúlachta a chur chun cinn i measc cláraithe sna gairmeacha ainmnithe.

Dréacht

# Luachanna

**Tá sé d'aidhm ag CORU sraith luachanna a léiriú a bhíonn mar bhonn agus mar thaca ag an mbealach a n-oibríonn sé agus a n-idirghníomhaíonn sé lena pháirtithe leasmhara go léir. Tá ár luachanna mar chuid lárnach dár misean agus dár bhfís a bhaint amach.**

**Cuntasacht** as ár bpróisis, ár gcinntí agus ár n-iompar gairmiúil.

**Meas agus Cothroime** agus muid ag plé leis an bpobal, le gairmithe agus le páirtithe leasmhara eile.

**Oscailteacht agus Trédhearcacht** inár gcumarsáid agus nuair a bhímid ag plé leis an bpobal agus leis na gairmithe.

**Leibhéil arda Feidhmíochta** mar eagraíocht ó thaobh éifeachtacht iomlán, luach ar airgead, éifeachtúlacht oibríochtaí agus rialachais de.

**Bród agus Tiomantas** i dtaobh torthaí cuí a bhaint amach i dtaca le sábháilteacht agus caighdeáin don phobal agus do na gairmithe lena mbaineann.

**Saibhriú** na hearnála mar thoradh ar cheannaireacht, dearfacht agus dearcadh ardchaighdeáin agus fianaisebhunaithe a léiriú maidir lenár gcuid oibre agus an plé a dhéanaimid le páirtithe leasmhara.

Dréacht



# Réamheolas

## Tá obair CORU bunaithe ar shraith gníomhaíochtaí reachtúla leanúnacha atá mar bhunús le gach rud sa straitéis seo.

Déanaimid cláir a oscailt agus a chothabháil do ghairmithe ainmnithe sláinte agus cúraim shóisialaigh; déanaimid na caighdeáin a leagan síos agus a fhaomhadh maidir le hoideachas gairmiúil agus oiliúint ghairmiúil; tacaímid le cláraithe trí threoraíocht agus forbairt ghairmiúil leanúnach; agus cosnaímid an pobal trínár bpróisis maidir le feidhmiúlacht chun cleachtadh. Ní feidhmeanna sa chúlra iad seo — is iad an bunábhar leis an mbrí atá le rialáil go praiticiúil, agus is iad an t-ardán ar a leagtar gach tosaíocht straitéiseach sa doiciméad seo.

Sa tréimhse amach romhainn, cuirfear na croíghníomhaíochtaí sin i gcrích ar scála agus luas a léireoidh rialálaí ar fhás suntasach. Osclóidh CORU cláir do shíceolaithe cliniciúla, comhairleoireachta agus oideachais, agus tá obair á déanamh aige chun cláir a bhunú do chomhairleoirí agus síciteiripeoirí chun cosaint reachtúil a shíneadh chuig gairmeacha nua agus chuig an bpobal a bhfreastalaíonn siad air. Is gealltanas oibríochtúil ollmhór é oibrithe cúraim shóisialaigh a chlárú faoi Alt 91 (trí idirthréimhse clárúcháin) a éilíonn acmhainní leanúnacha agus díriú intinne i ngach rannóg. Chomh maith leis sin, táimid ag freastal i gcónaí ar na gairmithe atá ar ár gcláir cheana féin — in ***dhá ghairm ainmnithe déag*** lena n-áirítear oibrithe sóisialacha, radagrafaithe, fisiteiripeoirí, teiripeoirí urlabhra agus teanga, agus roinnt mhaith eile — agus coinnímid na caighdeáin agus na próisis ar bun atá mar bhonn agus taca le cleachtadh sábháilte gach lá.

Dréacht

Is sa chomhthéacs seo is ceart na cúig thosaíocht straitéiseacha a leagtar amach thíos a léamh. Ní dhéanann siad cur síos ar a ndéanann CORU — déanann siad cur síos ar an gcaoi a ndéanfaidh CORU níos fearr é: ar bhealach níos freagrúla, níos comhréirí agus a mbeidh tionchar níos mó aige ar an bpobal, ar na gairmeacha agus ag an gcóras sláinte agus cúraim shóisialaigh sa lá atá inniu ann.

Cuireadh bonn eolais faoi na tosaíochtaí straitéiseacha trí anailís ar ár dtimpeallacht sheachtrach agus inmheánach maidir leis na deiseanna agus na bagairtí is gá dúinn pleanáil a dhéanamh ina leith, na háiteanna ina bhfuil riosca do chosaint an phobail ag teacht chun cinn agus fós ann, na dúshláin atá roimh ár gcláraithe ina gcleachtas, agus an méid a d'inis ár bpáirtithe leasmhara dúinn. Is féidir achoimre a dhéanamh orthu mar seo a leanas:

**Tá an cleachtas gairmiúil** ag teacht chun cinn — agus ní mór don rialáil déanamh amhlaidh. Tá na háiteanna ina mbíonn sláinte agus cúram sóisialach á seachadadh, na huirlisí a úsáideann gairmithe, agus na múnlaí cúraim a n-iarrtar orthu a úsáid ag teacht chun cinn níos tapa ná ag am ar bith eile i stair CORU. Tá athrú bunúsach ar an gcaoi agus ar na háiteanna ina n-eagraítear cúram á bhrú chun cinn ag Sláintecare. Tá gnáthchleachtas á dhéanamh de bheith ag obair i bhfoireann ildisciplíneach agus chomhtháite. Tá athrú ag teacht ar na teorainneacha a bhaineann le róil ghairmiúla. Caithfidh múnla rialála a dearadh le haghaidh modh cleachtais níos socra agus níos intuartha teacht chun cinn le bheith ábhartha i gcónaí — rud a thacóidh le gairmithe dul i dtaithí ar an athrú go sábháilte.

**Leanfaidh Éire ar aghaidh ag brath ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh a fuair a gcuid oideachais go hidirnáisiúnta.** Ní féidir an fórsa saothair sláinte agus cúraim shóisialaigh in Éirinn a choimeád ag imeacht le soláthar inmheánach agus sin amháin. Cé go bhfuil fás ag teacht ar infheistíocht in áiteanna oideachais agus oiliúna in Éirinn, ciallaíonn méid agus castacht an éilimh ar fhórsa saothair — éilimh atá á mbrú chun cinn ag déimeagrafaic, leathnú ar sheirbhísí agus uaillmhianta Sláintecare — go mbeidh gairmithe a fuair a gcuid oideachais go hidirnáisiúnta mar chuid riachtanach agus suntasach den fhórsa saothair as seo go ceann i bhfad. Ní bheidh an líon céimithe in Éirinn, d'ainneoin an ráta fáis atá tuartha ina leith, in ann an bhearna soláthair sna gairmeacha éagsúla a dhúnadh le linn thréimhse na straitéise seo. Caithfidh cur chuige CORU ar aitheantas an fhírinne seo a léiriú — dianchaighdeáin a choimeád ar bun maidir leis an bpobal a chosaint, agus a chinntiú ag an am céanna go bhfuil a chuid próiseas éifeachtúil, cóir agus inrochtana do dhaoine a thagann as raon leathan cúlraí idirnáisiúnta.

Tá **fáil ar shocrúcháin** fós ina dhúshlán mór agus leanúnach. Tá brú leanúnach ar acmhainneacht socrúcháin sna gairmeacha sláinte agus cúraim shóisialaigh, rud a bhfuil tionchar aige ar an sreabhadh céimithe a fhaigheann oideachas in Éirinn agus na deiseanna atá ar fáil d'iarratasóirí a mbeadh tréimhse oiriúnaithe nó cleachtadh faoi mhaoirseacht de dhíth ina leith mar chuid dá gclárú.

Sa chomhthéacs seo, féadfaidh ról tacaíochta tábhachtach a bheith ag bearta cúitimh agus measúnuithe bunaithe ar inniúlacht. I gcás inar féidir a léiriú go bhfuil na cuir chuige sin láidir agus fianaisebhunaithe, leanfaidh CORU ar aghaidh dá bhforbairt agus ag tacú leo i gcomhar le fostóirí, soláthraithe oideachais agus comhpháirtithe sa chóras níos leithne, agus cosaint an phobail mar an mbunphrionsabal treorach.

**Beidh CORU 20 bliain d'aois an bhliain seo chugainn — agus tá fás tagtha ar an gcóras sábháilteachta pobail timpeall air freisin.** Nuair a bunaíodh CORU, bhí clárú reachtúil do ghairmithe ar cheann den bheagán cosaintí córasacha a bhí ar fáil don phobal maidir le sláinte agus cúram sóisialach. Ní hamhlaidh atá cúrsaí a thuilleadh. Tá éiceachóras sábháilteachta pobail idirnasctha ann anois, atá comhdhéanta de HIQA, An Coimisiún Meabhair-Shláinte, DCCÉ, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an dlí fostaíochta agus creataí cuntasachta níos láidre d'fhostóirí. Is cuid amháin den chóras sin é CORU — agus cuid thábhachtach — ach ní hionann é agus an córas iomlán. Tá tábhacht leis sin sa chaoi a ndíríonn CORU a chuid iarrachtaí: tá rialálaí comhréireach, rioscabhunaithe a thuigeann a áit sa chóras níos leithne, in ann a chuid acmhainní finideacha a dhíriú ar an áit a bhfuil bearna ann i gcosaint an phobail agus nach bhfuil aon sásra eile á líonadh.

**Tá idir deiseanna agus rioscaí ag baint le IS — maidir le cleachtadh, ár gcuid oibríochtaí agus iontráil ar an gclár.** Tá tionchar á imirt ag an intleacht shaorga cheana féin ar an gcaoi a n-oibríonn gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh, ar an gcaoi a n-eagraítear seirbhísí agus ar an gcaoi a ndéantar cinntí. I gcás CORU, cruthaíonn sé sin oibleagáidí agus deiseanna i dtrí réimse dhifriúla: tacú le cláraithe dul i dtaithí ar IS ina gcleachtas gairmiúil trí threoraíocht agus caighdeáin; leas a bhaint as IS ar bhealach freagrach chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht, comhsheasmhacht agus caighdeán phróisis CORU é féin; agus aghaidh a thabhairt ar an riosca, atá ag méadú, maidir le calaois agus mífhaisnéis arna nginiúint ag IS ar fud ghníomhaíochtaí rialála CORU — ábhar imní atá ag teacht chun cinn i measc rialálaithe sláinte agus cúraim shóisialaigh go hidirnáisiúnta agus a éilíonn freagra réamhghníomhach seachas frithghníomhach.

## An méid is féidir le Cláraithe a bheith ag súil leis ó CORU — agus an méid a bhfuil CORU ag súil leis ó Chláraithe

Tá ionchas soiléir i gcroílár na straitéise seo: go mbíonn na gairmithe ar chláir CORU ag cleachtadh ar na caighdeáin is airde iompraíochta, inniúlachta agus cúraim. Bítear ag súil leis go dtabharfaidh cláraithe faoina bhforbairt ghairmiúil féin go leanúnach, go bhfeidhmeoidh siad le hionracas, go dtabharfaidh siad tús áite do shábháilteacht agus d'fholláine na ndaoine faoina gcúram, agus go mbeidh siad cuntasach as a gcleachtadh. Is é ról CORU ná tacú leis an ionchas sin — trí chaighdeáin shoiléire, treoraíocht inrochtana, próisis chothroma agus rannpháirtíocht bhríoch leis na gairmithe a ndéanaimid rialáil orthu. Déanfaidh na cúig thosaíocht straitéiseacha seo a leanas cur síos ar an gcaoi a ndéanfaimid é sin.

## Ár dtosaíochtaí straitéiseacha

Ag cur leis an mbonn a leagadh amach inár straitéis 2022-2026, léiríonn na cúig thosaíocht straitéiseacha atá againn don chéad timthriall eile treo shoiléir: teacht chun cinn muiníneach ar an gcaoi a n-oibríonn CORU, bunaithe ar an méid a d'fhoghlaim muid, an méid a chuir ár bpáirtithe leasmhara in iúl dúinn, agus an méid a éilíonn timpeallacht sláinte agus cúraim shóisialaigh atá ag athrú ar rialálaí nua-aimseartha agus aibí: teacht chun cinn maidir leis an gcaoi a n-oibríonn CORU chun a chroíchuspóir a sheachadadh.

Lenár gcúig thosaíocht straitéiseacha, déantar cur síos ar an gcaoi a mbainfimid an cuspóir sin amach ar bhealach níos éifeachtaí i gcóras sláinte agus cúraim shóisialaigh atá ag athrú go tapa agus ar bhealaí a éilíonn rialálaí níos gníomhaí, níos nasctha agus níos feiceálaí.

Dréacht

## Tosaíocht Straitéiseach 1:

# Cumas agus Inscálaitheacht a Fhorbairt

### Leanúint de láidreacht eagraíochtúil a fhorbairt chun seachadadh a dhéanamh — anois agus sna blianta amach romhainn

Tá méadú tagtha ar líon na ndaoine ar chlár CORU ó níos lú ná fiche míle gairmí go dtí beagnach daichead míle, taobh istigh d'aon timthriall straitéise amháin. Leanfaidh an fás sin ar aghaidh. Cuirfidh tuilleadh gairmeacha, tuilleadh iarratasóirí a fuair a gcuid oideachais go hidirnáisiúnta, cásanna níos casta agus ionchais níos airde ón bpobal, éilimh ar eagraíocht a chaithfidh leanúint uirthi ag feidhmiú go héifeachtach faoi chreat reachtaíochta atá scór bliain d'aois anois. Ní feidhm tacaíochta de na cuspóirí eile sa straitéis seo é an cumas agus an acmhainneacht a fhorbairt chun freastal ar na héilimh sin — is tosaíocht straitéiseach ann féin é. Gan é, ní féidir ceann ar bith de na ceithre chuspóir eile a bhaint amach ar an scála agus caighdeán atá tuillte ag an bpobal. Beidh cur i bhfeidhm na moltaí ón tionscadal Múnla Rialála don Am atá le Teacht* ina phríomhghné den obair faoin tosaíocht seo. Gné thábhachtach eile is ea CORU a shuíomh mar eagraíocht ina bhféadfaidh daoine gairm mar ghairmí rialála a fhorbairt — an clú, na conairí inmheánacha agus na struchtúir forbartha a fhorbairt chun daoine le tallann a fhéachann ar rialáil mar ghairm ghairmiúil fhadtéarmach a mhealladh.

#### Beidh sé mar aidhm againn:

1. Athléimneacht oibríochtúil a neartú trí phleanáil comharbais láidir, cumas an fhórsa saothair agus bainistíocht riosca éifeachtach a fhorbairt, lena n-áirítear pleanáil straitéiseach don fhórsa saothair a chur i bhfeidhm chun leanúnachas feidhmeanna criticiúla agus inbhuanaitheacht eagraíochtúil a chinntiú.
2. Leanúint den Straitéis Dhigiteach 2026-2028 a chur i bhfeidhm, mar eagraíocht atá faoi threoir ag léargais agus á cumasú ag córais dhigiteacha chomhtháite, le cúnamh ó ghlacadh agus oiliúint na foirne agus le tacaíocht ó bhonneagar slán, agus leas a bhaint ag an am céanna as uathoibriú agus IS chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht, comhsheasmhacht agus inscálaitheacht ar fud feidhmeanna rialála
3. Tairseach dhigiteach nua a chur i bhfeidhm chun tacú le hiarratais agus saolré cláraithe, lena n-áirítear leanúint d'infheistiú i sreabhadh oibre digiteach, chun ár bhfeidhmíocht próiseála láidir, intuarthacht agus infheictheacht a choinneáil ar bun do chláraithe.
4. Infheistiú i bhforbairt leanúnach ár bhfoirne agus i láidreacht ár n-eagraíochta — a chinntiú go mbeidh ag na baill foirne ar gach leibhéal an t-eolas faoi rialáil, na scileanna teicniúla, an cumas ceannaireachta agus na deiseanna forbartha gairmiúla a dteastaíonn uathu chun seirbhís ar ardchaighdeán a bhfuil an-mhuinín aisti a chur ar fáil.
5. Oibriú leis an Roinn Sláinte chun leasuithe reachtaíochta a bhrú chun cinn ionas go mbeifear in ann moltaí faoi mhúnla rialála agus rialachais CORU don am atá le teacht a chur i bhfeidhm.

#### Faoi 2030, beidh na nithe seo déanta againn:

- Ár Straitéis Dhigiteach 2026-2028 curtha i gcrích, rud a mbeidh eagraíocht inscálaithe mar thoradh air, a bheidh faoi threoir ag léargais agus á cumasú ag córais dhigiteacha chomhtháite, bonneagar nua-aimseartha agus glacadh forleathan uirlisí digiteacha, lena n-áirítear úsáid a bhaint as IS agus uathoibriú.
- Creat curtha i bhfeidhm maidir le cumas agus forbairt na foirne, agus torthaí bliantúla infheistíochta agus tomhaiste ag gabháil leis.
- Tús curtha le leasuithe reachtaíochta a thacaíonn le hinscálaitheacht oibríochtúil.

• Leis an tionscadal seo, forbrófar moltaí le bheith mar threoir don mhúnla rialála don am atá le teacht, le bheith mar bhonn eolais don chaoi a n-oibríonn CORU agus lena chinntiú go dtacóidh a struchtúir rialachais le lúfaireacht agus freagrúlacht i dtimpeallacht a bhíonn ag athrú.

## Tosaíocht Straitéiseach 2:

# Tacú le Cleachtadh Gairmiúil Sábháilte agus Éifeachtach

### An treoraíocht, an t-eolas agus an tacaíocht a chur ar fáil a theastaíonn ó chláraithe agus príomhpháirtithe leasmhara chun cleachtadh gairmiúil sábháilte agus éifeachtach a chumasú.

Cruthaíonn na hathruithe ar an gcaoi a soláthraítear sláinte agus cúram sóisialach — a fhiosraítear sa chuid roimhe seo — cruthaíonn siad oibleagáidí díreacha do rialálaí. Teastaíonn treoraíocht ó ghairmithe maidir le dul i dtaithí ar rioscaí nua. Teastaíonn treoraíocht agus tacaíocht ó dhaoine atá ag tosú amach ag cleachtadh nó ag filleadh ar chleachtadh ionas go mbeidh siad in ann dul isteach san fhórsa saothair arís. Tá na léargais a chruthaíonn dearcadh uathúil CORU ag teastáil ón gcóras. Sna ceithre bliana amach romhainn, neartóidh CORU a ról mar fhoinse údarásach, inrochtana agus réamhghníomhach treoraíochta agus tacaíochta do chláraithe agus do pháirtithe leasmhara — agus beidh a chuid eolais rialála níos tairbhí fós don phobal a bhfreastalaíonn sé air.

**Beidh sé mar aidhm againn:**

6. Treoraíocht do chláraithe a fhorbairt agus a fhoilsiú chun tacú le cleachtadh gairmiúil atá sábháilte agus éifeachtach.
7. Athbhreithniú a dhéanamh ar na riachtanais um fhilleadh ar chleachtadh agus um thosú amach ag cleachtadh chun tacú le rochtain ar an gclár fad a chinntítear cosaint an phobail.
8. An méid a fhoghlaimítear ó phróisis maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh a roinnt go réamhghníomhach le cláraithe, fostóirí, comhlachtaí gairmiúla agus príomhpháirtithe leasmhara.

**Faoi 2030, beidh na nithe seo déanta againn:**

- Treoraíocht faoi réimsí a bhaineann le cleachtadh foilsithe chun tacú le cláraithe
- Moltaí faoi na riachtanais um fhilleadh ar chleachtadh agus um thosú amach ag cleachtadh sainaitheanta chun rochtain ar chláir a fheabhsú agus a chosnaíonn an pobal
- Tuarascáil faoi léargais ar Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh foilsithe agus roinnte go poiblí le príomhpháirtithe leasmhara

Dréacht

## Tosaíocht Straitéiseach 3:

# Conairí chuig an gClár a Leathnú Amach

### Gairmeacha rialáilte a leathnú amach agus tacú le rochtain a dhéanamh orthu trí chonairí cothroma agus fianaisebhunaithe

Is é an ról atá ag CORU an pobal a chur ar a shuaimhneas go bhfuil gairmithe cláraithe inniúil agus sábháilte chun cleachtadh — agus ní chun bealach amháin a fhorordú chun an inniúlacht sin a bhaint amach. De réir mar a thagann fás ar an éileamh ar ár gclár, tá freagracht orainn an caighdeán dearbhaithe a choinneáil ar bun agus a bheith oscailte do chonairí iolracha, fianaisebhunaithe chun teacht ar an gclár. Déanann cur chuige níos solúbtha ar chlárú freastal níos dírí ar chosaint an phobail: ciallaíonn níos mó daoine ag dul ar an gclár trí phróisis chothroma agus láidre go mbeidh níos mó gairmithe cáilithe agus inniúla ag soláthar cúraim shábháilte. Sna ceithre bliana amach romhainn, déanfaidh CORU gach iarracht leathnú amach conairí chuig an gclár a éascú, agus cinnteoidh sé go gcothóidh gach conair na caighdeáin a bhfuil sé de cheart ag an bpobal a bheith ag súil leo. Ceann de na rudaí is mó a chabhróidh leis sin a bheidh i rolladh amach an chreata caighdeán atá bunaithe ar phrionsabail, ag tosú le Boird in 2027. Trí thorthaí seachas riachtanais fhorordaitheacha a chur in iúl, cruthaíonn an cur chuige seo níos mó solúbthachta sa chaoi a ndéantar cláir oideachais agus oiliúna a sheachadadh, agus coinnítear dianchaighdeáin maidir le cosaint an phobail ar bun ag an am céanna.

**Beidh sé mar aidhm againn:**

**9.** Measúnú bunaithe ar inniúlacht agus iontráil a fhorbairt mar chonair fhianaisebhunaithe a bhfuil tástáil déanta uirthi chuig an gclár i ngairmeacha iomchuí.

**10.** Léargais a fhorbairt chun comhoibriú leis an Oifig Náisiúnta Treasach, SOLAS, institiúidí ardoideachais agus comhlachtaí gairmiúla chun tacú le conairí isteach sa chleachtadh gairmiúil atá ann cheana féin.

**11.** Ár gconairí clárúcháin a fhorbairt tuilleadh, agus iad ailínithe le pleanáil straitéiseach don fhórsa saothair, lena chinntiú go mbeidh siad cothrom, trédhearcach agus inrochtana le haghaidh fórsa saothair atá ag éirí níos éagsúla an t-am ar fad.

**Faoi 2030, beidh na nithe seo déanta againn:**

- Idirthréimhse do chleachtóirí reatha chun iarratas a dhéanamh ar an gclár do shíceolaithe comhairleoireachta, cliniciúla agus oideachais curtha i gcrích.
- Próiseáil na n-iarratas ó oibrithe cúraim shóisialaigh a fuarthas le linn na hidirthréimhse clárúcháin curtha i gcrích.
- Tús curtha le próiseáil iarratas ar cheadú do chláir oideachais agus oiliúna do chomhairleoirí agus síciteiripeoirí.
- Tús curtha le haistriú chuig caighdeáin inniúlachta bunaithe ar phrionsabail agus critéir athbhreithnithe do chláir oideachais agus oiliúna ar fud na ngairmeacha rialáilte.
- Conair mheasúnaithe breise amháin ar a laghad bunaithe ar inniúlacht curtha ar fáil ar bhonn píolótach.
- Conairí printíseachta coinnithe ar bun agus leathnaithe amach, ag cur le cláir fhaofa atá ann cheana féin, i gcomhar le hinstitiúidí ardoideachais agus comhlachtaí san earnáil.
- Conair nua curtha ar fáil ar bhonn píolótach lena chur ar chumas iarratasóirí inniúlacht a léiriú ionas go gcuirfí ar an gclár iad.
- Tuarascáil foilsithe faoi léargais ar chonairí chuig agus trí chláir oideachais agus oiliúna faofa.

Dréacht

## Tosaíocht Straitéiseach 4:

# Rialáil Chomhréireach le haghaidh Chosaint an Phobail

### Ár n-iarrachtaí rialála a dhíriú ar an áit is mó riosca — cosaint an phobail agus ionracas na ngairmeacha

Is é cosaint don phobal an cuspóir atá ag feidhmiúlacht chun cleachtadh, ní pionós. Ach nuair a láimhseáiltear gach gearán — cibé acu mionghearán nó gearán tromchúiseach atá i gceist — leis an bpróiseas céanna, éiríonn an córas mall, neamh-chomhsheasmhach agus díréireach i dtaobh an t-ualach a leagann sé ar chláraithe, gearánaigh agus an rialálaí. Má chaitheann comhlacht rialála an méid ama céanna ar earráid aonuaire ar leith agus a chaitheann sé ar shárú tromchúiseach ar an gcód a dhéantar arís is arís eile, níl sé ag cosaint an phobail go héifeachtach — tá níos lú cosanta á déanamh aige, trí acmhainneacht fhinideach a bhaint ó na cásanna is tábhachtaí. Sna ceithre bliana amach romhainn, díreoidh CORU iarrachtaí agus acmhainní ar na háiteanna ina bhfuil fíor-riosca tromchúiseach don phobal agus nach bhfuil an riosca sin á bhainistiú ar aon chaoi eile (e.g. trí phróisis fostóirí, dlí fostaíochta, etc.).

#### Beidh sé mar aidhm againn:

**12.** Athbhreithniú ó cheann go ceann a dhéanamh ar ár bpróisis um Bainistiú Gearán (faoi fheidhmiúlacht chun cleachtadh) chun deiseanna chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht, éifeachtacht agus eispéireas a shainaithint.

**13.** Fiosrú a dhéanamh ar mhúnla triáise do ghearáin rioscabhunaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus taighde ar rialáil chomhréireach mar bhonn eolais di — lena chinntiú go ndéanfaí an scrúdú a bheadh tuillte acu ar chásanna tromchúiseacha agus córasacha, agus go ndéanfaí cásanna lena mbaineann riosca níos ísle a réiteach ar bhealaí níos tapa agus níos iomchuí.

**14.** Leasuithe reachtaíochta ar an gcur chuige ar bhainistiú gearán a chur i bhfeidhm, leasuithe atá achtaithe agus atá fós le cur i bhfeidhm — lena n-áirítear gealltanais a thabhairt isteach ar leibhéal an Choiste Réamhimeachtaí, rud a mheastar a achtófar leis an mbille leasuithe reachtaíochta reatha.

**15.** Oibriú leis an Roinn Sláinte chun leasuithe reachtaíochta a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo a shainaithint, ar leasuithe iad a dtabharfadh fiú níos mó solúbthachta do CORU chun córas comhréireach um fheidhmiúlacht chun cleachtadh a oibriú.

**16.** Prionsabail rioscabhunaithe a chur i bhfeidhm lenár bpróisis um monatóireacht a dhéanamh ar chláir oideachais agus oiliúna, agus acmhainní agus iniúchadh a dhíriú ar na cláir lena mbaineann an riosca is mó do chaighdeáin — rannpháirtíocht i gclár a chuíchóiriú i gcásanna inar féidir riosca íseal a léiriú.

#### Faoi 2030, beidh na nithe seo déanta againn:

- Múnla triáise rioscabhunaithe i bhfeidhm maidir le gach gearán a thagann isteach.
- Raon níos leithne de roghanna chun gearáin a réiteach ar fáil sa phróiseas maidir le feidhmiúlacht chun cleachtadh.
- Cur chuige rioscabhunaithe ar mhonatóireacht chláir oideachais agus oiliúna i bhfeidhm, le leibhéil rannpháirtíochta idirdhealaithe a léiríonn próifíle riosca.

Dréacht

## Tosaíocht Straitéiseach 5:

# Luach na Rialála a dhéanamh Feiceálach don Phobal

### Luach na rialála a dhéanamh feiceálach — don phobal agus do na gairmithe a rialaímid

Tá suíomh ar leith ag CORU i gcóras sláinte agus cúraim shóisialaigh na hÉireann. Tá os cionn daichead míle gairmí in ***dhá ghairm déag á rialáil againn faoi láthair***. Ginimid sonraí nach bhfuil ag aon chomhlacht eile. Feicimid — trí chlárú, faomhadh oideachais agus feidhmiúlacht chun cleachtadh — patrúin riosca, soláthar fórsa saothair agus cleachtadh gairmiúil atá ábhartha go díreach le beartas náisiúnta. Ní i gcónaí a thuigeann an pobal ná, i roinnt mhaith cásanna, na gairmithe ar ár gcláir cad a dhéanann CORU agus cén fáth a bhfuil tábhacht leis. D'fhéadfaí leas níos comhsheasmhaí a bhaint as an luach a bhaineann le léargais CORU chun bhonn eolais a chur faoi bheartas sláinte, pleanáil don fhórsa saothair agus cinnteoireacht ar leibhéal an chórais. Sna ceithre bliana amach romhainn, cuirfimid athrú air sin — déanfaimid luach na rialála gairmiúla feiceálach, inrochtana agus cinnteoimid go mbeidh tionchar aici.

**Beidh sé mar aidhm againn:**

**17.** Straitéis cumarsáide mharthanach a fhorbairt agus a sheachadadh, straitéis a chruthaíonn tuiscint shoiléir agus inrochtana ar ról CORU agus ar an tábhacht a bhaineann le clárú reachtúil, lena n-áirítear leanúint dár gcumarsáid agus rannpháirtíocht le cláraithe a fhorbairt, feabhas a chur ar an gcaoi a roinnimid faisnéis, a dtéimid i gcomhairle le gairmithe agus a gcuirimid cuspóir agus luach an chláraithe reachtúil in iúl.

**18.** Tuarascálacha bliantúla ar Staid an Chláir a fhoilsiú gach bliain, chun léargais ar shonraí faoin bhfórsa saothair a chur ar fáil — ag tacú le fostóirí, an Roinn Sláinte, institiúidí ardoideachais agus príomhpháirtithe leasmhara eile leis an bhfaisnéis a theastaíonn uathu chun pleanáil don soláthar fórsa saothair amach anseo.

**19.** Leanúint de phróifíl CORU a fhorbairt agus a chaidrimh laistigh den éiceachóras rialála níos leithne náisiúnta agus idirnáisiúnta.

**20.** Fiosrú a dhéanamh ar CORU a fhorbairt ina shuíomh socrúcháin do mhic léinn — chun taithí dhíreach, phearsanta ar an mbrí atá le rialáil reachtúil go praiticiúil a thabhairt do mhic léinn.

**Faoi 2030, beidh na nithe seo déanta againn:**

- Straitéis cumarsáide forbartha chun feabhas a chur ar thuiscint an phobail ar ról CORU agus ar luach an chlárúcháin reachtúil.
- Tuarascálacha bliantúla maidir le Staid an Chláir foilsithe.
- Múnla socrúcháin do mhic léinn fiosraithe agus curtha ar fáil ar bhonn píolótach.

Dréacht

# Cumasóirí

Ní féidir na cúig thosaíocht straitéiseacha sa straitéis seo a sheachadadh gan an bonn ceart a bheith ann. Tá trí chumasóir — ár ndaoine, ár rialachas agus ár n-inbhuanaitheacht airgeadais — mar bhonn agus taca le gach a ndéanaimid. Ní cúinsí sa chúlra iad seo, is iad na coinníollacha iad a fhágann gur féidir an straitéis a sheachadadh.

### Ár bhFoireann

Is iad na daoine in CORU — na baill foirne, comhaltaí na Comhairle, comhaltaí an Bhoird Chlárúcháin, measúnóirí agus athbhreithneoirí — an tsócmhainn is tábhachtaí atá againn. Teastaíonn foireann atá oilte, spreagtha agus a fhaigheann tacaíocht mhaith, idir oibrithe ar phá agus oibrithe deonacha, chun straitéis den mhéid seo a sheachadadh — sna réimsí clárúchán, aitheantas, oideachas, feidhmiúlacht chun cleachtadh agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara. Le linn thréimhse na straitéise seo, déanfaimid na nithe a leanas:

- Plean don fhórsa saothair atá ag teacht leis na héilimh atá ag eagraíocht atá ag fás, a chinntiú go bhfuil na scileanna, an taithí agus an acmhainneacht cheart againn ar gach leibhéal.
- Infheistiú i bhfoghlaim agus forbairt ionas go mbeidh an t-eolas rialála, na scileanna teicniúla agus an cumas ceannaireachta ag na baill foirne chun a bpost a dhéanamh i gceart.
- Cultúr dearfach, ardfheidhmíochta a dhíríonn ar ár luachanna a fhorbairt — cultúr a thacaíonn le folláine na foirne, a aithníonn rannchuidiú agus a chuireann ar chumas daoine an obair is fearr is féidir a dhéanamh.
- Comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú sa chaoi a ndéanaimid ár ndaoine a earcú, a fhorbairt agus a bhainistiú, lena chinntiú gur áit chothrom agus mheasúil é CORU le bheith ag obair ann.

### Rialachas agus Cuntasacht

Tá dea-rialachas mar bhonn do mhuinín an phobail. Tá CORU tiomanta na caighdeáin is airde cuntasachta, trédhearcachta agus ionracas a bhaint amach i ngach a ndéanann sé. Le linn thréimhse na straitéise seo, déanfaimid na nithe a leanas:

- Cloí go hiomlán leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus socruithe láidre a choinneáil ar bun maidir le hiniúchadh inmheánach, bainistíocht riosca agus tuairisciú.
- A chinntiú go bhfuil an fhaisnéis, an oiliúint agus an tacaíocht ag an gComhairle agus ag na Boird Chlárúcháin a theastaíonn uathu chun maoirseacht straitéiseach éifeachtach agus cinntí eolasacha a dhéanamh.
- A bheith oscailte agus trédhearcach inár gcumarsáid agus inár gcinnteoireacht, agus miontuairiscí, sonraí feidhmíochta agus príomhchinntí na Comhairle a fhoilsiú i gcomhréir lenár dtiomantais don oscailteacht.
- Oibriú leis an Roinn Sláinte ar mhaithe le nuachóiriú reachtaíochta a bhaint amach a thabharfaidh struchtúir rialachais do CORU a bheidh cuí dá scála agus dá aibíocht mar rialálaí. Is cuid lárnach de sin é an Múnla Rialála don Am atá le Teacht a chur i bhfeidhm — múnla rialachais nuashonraithe a chur ar fáil a bheidh mar bhonn taca leis an straitéis seo agus le misean fadtéarmach CORU.

### Inbhuanaitheacht Airgeadais

Ceanglaíonn an reachtaíocht maidir le CORU air a bheith féinmhaoinithe trí tháillí clárúcháin agus athnuachana. Tá bonn airgeadais seasmhach agus inbhuanaithe de dhíth chun na huaillmhianta sa straitéis seo a sheachadadh. Le linn thréimhse na straitéise seo, déanfaimid na nithe a leanas:

- Leanúint den obair chun na costais iomlána a aisghabháil
- Luach ar airgead a léiriú maidir leis an gcaoi a n-úsáidtear cistí poiblí agus cláraithe, bainistíocht shoiléir airgeadais a dhéanamh, tuairisciú tráthrialta don Chomhairle agus comhlíonadh iomlán le ceanglais iniúchta.
- Airgeadas a phleanáil agus a bhainistiú ar feadh roinnt blianta, teacht roimh na himpleachtaí d'acmhainní a bhaineann le cláir nua a oscailt, infheistíocht dhigiteach a dhéanamh agus na héilimh ar chomhlacht rialála mór a chomhlíonadh, éilimh a bhíonn ag méadú an t-am ar fad.

Dréacht

# An Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

## Gníomhú ar son na hAeráide

Tá CORU tiomanta a chion a dhéanamh mar chuid de fhreagairt na hÉireann ar an athrú aeráide — ní hamháin toisc go gceanglaítear air é sin a dhéanamh mar chomhlacht poiblí, ach toisc go léiríonn sé ár luachanna mar eagraíocht freisin. Ullmhóimid agus foilseoimid Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide ina leagfar amach gníomhartha nithiúla chun ár dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú agus chun inbhuanaitheacht a leabú ar fud ár gcuid oibríochtaí. Le linn thréimhse na straitéise seo, déanfaimid na nithe a leanas:

- Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide a bheidh i gcomhréir le ceanglais an rialtais, agus ina mbeidh spriocanna soiléire agus tuairisciú bliantúil ar an dul chun cinn, a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm.
- Ár lorg carbóin a laghdú trí chleachtais oibre a thugann tús áite don digitiú, cleachtais taistil inbhuanaithe, éifeachtúlacht fuinnimh inár n-oifigí, agus soláthar atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de.
- Feasacht faoin gcomhshaol a leabú i gcinntí laethúla na heagraíochta, lena n-áirítear an chaoi a ndéanaimid ár seirbhísí a dhearadh agus a sheachadadh.

## Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí an comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc, agus cearta daonna na ndaoine a fhostaíonn siad agus a bhfreastalaíonn siad orthu a chosaint. Tá CORU tiomanta an dualgas seo a chomhlíonadh go hiomlán. Le linn thréimhse na straitéise seo, déanfaimid na nithe a leanas:

- Ráiteas um Chearta an Duine agus Comhionannas a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm. Sainaithneofar na saincheisteanna um chearta an duine agus comhionannas a bhaineann lenár bhfeidhmeanna sa ráiteas agus leagfar amach an chaoi a dtabharfaimid aghaidh orthu.
- A chinntiú go mbeidh ár seirbhísí inrochtana agus cothrom do gach duine a idirghníomhaíonn le CORU, beag beann ar chúlra, céannacht nó cúinsí — lena n-áirítear cláraithe, iarratasóirí, gearánaigh agus daoine den phobal.
- Tuairisciú ar bhonn bliantúil faoin gcaoi a bhfuil Dualgas na hEarnála Poiblí á chomhlíonadh againn, mar chuid dár dTuarascáil Bhliantúil.

Dréacht

# An Chaoi a ndéanfaimid Seachadadh a Thuairisciú agus a Thomhas

Níl aon mhaitheas le straitéis mura bhfuil maitheas lena cur i gcrích. Tá CORU tiomanta a bheith soiléir faoin méid atá beartaithe aige a dhéanamh, a bheith macánta faoin dul chun cinn agus a bheith trédhearcach faoin gcaoi a ndéanann sé cuntas ar fheidhmíocht don Roinn Sláinte, do chláraithe agus don phobal.

### Pleanáil Ghnó Bhliantúil

Gach bliain, foilseoidh CORU Plean Gnó Bliantúil ina n-aistreofar na tiomantais sa straitéis seo go dtí clár nithiúil oibre don bhliain. Leagfar amach sa Phlean Gnó na gníomhartha sonracha atá le cur i gcrích, na foirne a bheidh freagrach astu, na hacmhainní a leithdháilfear agus na slata tomhais a ndéanfar dul chun cinn a thomhas leo. Déanfaidh an Chomhairle an Plean Gnó a fhaomhadh agus a roinnt leis an Roinn Sláinte.

### Monatóireacht ar Fheidhmíocht

Déanfar dul chun cinn a rianú i gcoinne na dtorthaí agus na dtiomantas a leagtar amach faoi gach ceann de na cúig thosaíocht straitéiseacha. Gheobhaidh an Chomhairle nuashonruithe ar an dul chun cinn gach ráithe. Beidh tomhais chainníochtúla san áireamh le sonraí faoi fheidhmíocht — cuir i gcás an líon clárúchán, próiseáil amlínte, rátaí maidir le réiteach gearán agus rannphairtíocht le páirtithe leasmhara — chomh maith le measúnú cáilíochtúil ar an dul chun cinn maidir le tiomantais níos fadtéarmaí. I gcás nach bhfuil spriocanna á mbaint amach, beimid soiléir faoin gcúis leis sin agus faoina bhfuil ar siúl againn ina leith.

### Tuairisciú Bliantúil

Foilseoidh CORU Tuarascáil Bhliantúil gach bliain, chun cuntas poiblí a thabhairt ar chur i gcrích na Straitéise agus an Phlean Ghnó. Beidh achoimre ar an dul chun cinn faoi gach tosaíocht straitéiseach, feidhmíocht i gcoinne tháscairí feidhmíochta foilsithe, agus tuairisciú faoinár bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus faoinár n-oibleagáidí faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil. Cuirfear an Tuarascáil Bhliantúil faoi bhráid an Oireachtais agus beidh sé ar fáil don phobal.

### Faire na Fáistine

Ní fhanann timpeallacht eagraíochta socair agus leanfaidh CORU ar aghaidh ag faire na fáistine le linn an timthrialla straitéisigh chun deiseanna agus bagairtí nua a shainaithint agus chun a straitéis nó tosaíochtaí a choigeartú dá réir.

Dréacht

Dréacht